2027.M119S1T

2027L571G1IS1

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
# Sampla 1

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

## Gnáthleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

| Scrúduimhir | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|

| Dáta Breithe | | | / | | / | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

## Treoracha

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach peann luaidhe nó pinn luaidhe dathadóireachta a úsáid sna graif agus sna léaráidí amháin.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Roinn A** 100 marc

Tá ceist amháin sa roinn seo, freagair **gach** cuid den cheist seo.

**Roinn B** 160 marc

Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn C** 40 marc


Freagair ceist **amháin** sa roinn seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

## Roinn A 100 marc

Freagair **gach** cuid den cheist seo.

**Ceist 1** **(100 marc)**

**(a)** I **bhFíor 1** thíos, taispeántar an iarmhairt ceaptha teasa i léaráid. Meaitseáil gach ceann de na lipéid sa léaráid leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.





**Fíor 1**

| Cur síos | Litir |
|---|---|
| Grianradaíocht isteach | |
| Grianradaíocht amach | |
| An t-atmaisféar | |
| An ghrian | |
| An Domhan | |

**(b)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ráiteas.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is é is idé-eolaíocht pholaitiúil ann ná tacar prionsabal atá ag grúpa daoine nó ag duine aonair lena mínítear conas ba cheart don tsochaí feidhmiú. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Is é atá i gceist le feachtasaíocht na cosmuintire ná próiseas trína ritheann rialtas dlíthe. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Ní chuirfidh luachanna cultúrtha duine isteach choíche ar acmhainn an duine sin le cinntí a dhéanamh. | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Sa stocaireacht, diúltaítear rud áirithe a cheannach nó seirbhís áirithe a úsáid mar shlí le hagóid a dhéanamh nó míshástacht a chur in iúl. | ☐ | ☐ |
| **(v)** | Ba chóir go mbeadh réimse leathan páirtithe leasmhara páirteach i mbeartas a dhearadh má tá rath le bheith ar chur i bhfeidhm an bheartais. | ☐ | ☐ |

**(c)** Scrúdaigh an léaráid i **bhFíor 2** ina dtugtar léiriú ar an gcreat eacnamaíocht taoschnónna agus freagair na ceisteanna a leanas.



**Fíor 2**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas faoi eacnamaíocht taoschnónna.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is í an t-eacnamaí Kate Raworth a d'fhorbair an creat. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Moltar sa chreat seo gníomhaíochtaí airgeadais a dhéanamh fiú má bhíonn tionchar diúltach acu ar an gcomhshaol. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Cuirtear creat ar fáil leis chun feidhmíocht gheilleagair a thomhas bunaithe ar cé chomh maith agus a dhéantar cúram de riachtanais daoine gan teorainneacha an phláinéid a shárú. | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Ní chuirtear riachtanais shóisialta san áireamh sa chreat seo. | ☐ | ☐ |
| **(v)** | Is córas eacnamaíochta é ina ndéantar praghsanna a chinneadh bunaithe ar sholáthar agus éileamh. | ☐ | ☐ |


**(d)** Meaitseáil gach ceann de na téarmaí thíos leis an gcur síos sa tábla is fearr a mheaitseálann é.

| **Téarmaí** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A** Fiachas aeráide | **B** Fiachas éiceolaíoch | **C** Caillteanas agus damáiste aeráide | **D** Ceartas aeráide | **E** Stáit i mbéal forbartha ar oileáin bheaga iad |

| **Cur síos** | **Litir** |
|---|---|
| Téarma atá molta ag ENRanna (*NGOs* sa Bhéarla) ón Domhan Theas ó na 1990idí mar chur síos ar an bhfiachas atá ar thíortha saibhre ag éirí as a gcuid saothraithe ar acmhainní, scriosadh gnáthóg agus truailliú. | |
| Tagraíonn sé seo do thionchair dhiúltacha na géarchéime aeráide a tharlaíonn in ainneoin maolú agus oiriúnú a dhéanamh, agus nach féidir a sheachaint ná a iompú ar ais. | |
| Ag dul do thíortha sa Domhan Theas ó thíortha sa Domhan Thuaidh as an damáiste atá déanta de bharr ról mór díréireach an Domhain Thuaidh san athrú aeráide. | |
| Leis seo, cuirtear cothromas agus cearta an duine i gcroílár na cinnteoireachta agus an ghníomhaithe maidir leis an athrú aeráide. | |
| Grúpa tíortha sa Domhan Theas a bhfuil dúshláin den chineál céanna rompu maidir le forbairt inbhuanaithe agus ar minic iad i mbaol mór de bharr athrú aeráide. | |

**(e)** Déan staidéar ar an léarscáil i **bhFíor 3** thíos ina dtaispeántar athruithe réamh-mheasta sa fhrasaíocht bhliantúil agus freagair na ceisteanna a leanas.

Athruithe réamh-mheasta sa fhrasaíocht bhliantúil




**Fíor 3**

**(i)** Cé acu ceann de na tíortha atá lipéadaithe i **bhFíor 3** ina bhfuiltear ag réamh-mheas an méadú is mó sa fhrasaíocht? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**A** ☐ **B** ☐

**(ii)** Ainmnigh mír sonraí **amháin**, seachas an fhrasaíocht, is féidir a úsáid mar fhianaise gur daoine is cúis leis an athrú aeráide.

| |
|---|
| |

**(f)** Meaitseáil an sampla de chóras de chuid an Domhain ón liosta leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

| **Sampla de Chóras an Domhain** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A**<br>Bithsféar | **B**<br>Crióisféar | **C**<br>Geoisféar | **D**<br>Hidrisféar | **E**<br>Atmaisféar |

| **Cur síos** | **Litir** |
|---|---|
| Codanna de dhromchla an domhain ina bhfuil uisce i bhfoirm sholadach. | |
| Córas é seo a bhfuil uisce an Domhain i bhfoirm leachta. | |
| Ciseal seachtrach an Domhain atá anseo agus é comhdhéanta de gháis. | |
| Réigiúin an Domhain ina maireann orgánaigh bheo. | |
| An córas nach bhfuil ach cuid sholadach an Domhain ann. | |

**(g)** Déan staidéar ar na fótagraif thíos ina dtaispeántar samplaí difriúla de ghníomhaíochtaí an duine a mbíonn tionchar acu ar an gcomhshaol agus freagair na ceisteanna a leanas.














**(i)** Meaitseáil gach ceann de na híomhánna thuas leis an ngníomhaíocht de chuid an duine is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

| Gníomhaíocht an duine | Fótagraf |
|---|---|
| Athfhoraoisiú | |
| Uirbiú ag méadú | |
| Painéil ghréine a úsáid | |
| Portaigh a athfhliuchadh | |

**(ii)** Luaigh gníomhaíocht **amháin** ón liosta sa tábla thuas **nach** cur chuige dúlrabhunaithe atá ann i leith geilleagair a dhícharbónú.

**(h)** Léigh an t-alt thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

In 1992, tionóladh Comhdháil na NA (*UN* sa Bhéarla) um an Comhshaol agus Forbairt sa Bhrasaíl. Tugadh Cruinniú Mullaigh na Cruinne ar an gcruinniú sin chomh maith agus thángthas ar roinnt comhaontaithe ríthábhachtacha ann. Ar cheann acu sin, bhí *Clár Oibre 21*, plean gníomhaíochta le haghaidh na forbartha inbhuanaithe. Sa chlár oibre sin, sainaithníodh eolas, comhtháthú agus rannpháirtíocht ina bpríomhbhloic thógála chun cabhrú le tíortha forbairt a bhaint amach ina n-aithnítear na colúin idirspleácha seo. Anuas air sin, cuirtear béim i g*Clár Oibre 21* ar rannpháirtíocht phoiblí leathan sa chinnteoireacht mar mhór-riachtanas chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.




**(i)** Cén bhliain **agus** cén áit ar tionóladh Comhdháil na NA um an Comhshaol agus Forbairt?

| |
|---|
| Bliain: |
| Áit: |


**(ii)** Liostaigh na **trí** phríomhbhloc tógála a shainaithnítear sa téacs atá ina gcabhair ag tíortha chun forbairt a bhaint amach.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(i)** Cén **dá** cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas de chuid an duine a chuireann go díreach leis an iarmhairt ceaptha teasa?
Cuir tic (✓) sa **dá** bhosca atá ceart.

| | |
|---|---|
| Siúl | ☐ |
| Carr ina bhfuil inneall dócháin a thiomáint | ☐ |
| Foraoisiú | ☐ |
| Athdhúlrú | ☐ |
| Monarchana ag dó breoslaí iontaise | ☐ |

**(j)** Scrúdaigh an ghrafaic eolais i **bhFíor 4** thíos ina dtaispeántar caillteanas agus damáiste a bhaineann le tionchar an athraithe aeráide, agus freagair na ceisteanna a leanas.




**Fíor 4**

**(i)** Ainmnigh teagmhas foircneach **amháin** a bhaineann leis an athrú aeráide a thaispeántar i **bhFíor 4**.

| Teagmhas Foircneach: |
|---|

**(ii)** Ainmnigh caillteanas eacnamaíoch **amháin** a bhaineann leis an athrú aeráide a thaispeántar i **bhFíor 4.**

| Caillteanas Eacnamaíoch: |
|---|

| Roinn B | 160 marc |
|---|---|

Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo.  Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 2** **(40 marc)**

**(a)** Léigh an t-alt thíos faoi astaíochtaí ón talmhaíocht agus freagair na ceisteanna a leanas.

Cé go raibh laghdú beag ar astaíochtaí ar an iomlán anuraidh, tá Éire ‘i bhfad ón marc’ go fóill maidir le spriocanna aeráide an Aontais Eorpaigh (AE) agus spriocanna náisiúnta le haghaidh 2030 a bhaint amach, de réir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil – mar gheall, den chuid is mó, ar an meatán as táirgeadh déiríochta neamhshrianta na hÉireann. Ba í an earnáil talmhaíochta ba chúis le níos mó ná trian (37.8 faoin gcéad) d’astaíochtaí gáis ceaptha teasa na tíre in 2023, an cion is mó san Eoraip.

Is cosúil go bhfuil an-chumhacht ag grúpaí stocaireachta na dianfheirmeoireachta. Tá an earnáil déiríochta go háirithe ag cur leis na hiarrachtaí stocaireacht a i dtaobh díolúine na hÉireann ó Threoir an AE um Níotráití, ar beartas é a ceapadh chun dul i ngleic le truailliú feirmeoireachta. Faoi dhíolúine na tíre, ceadaítear méideanna níos mó aoiligh a úsáid mar leasachán ar fheirmeacha áirithe, ainneoin go scaoileann sé méideanna suntasacha d’ocsaíd nítriúil, gás ceaptha teasa atá 265 uair níos láidre ná dé-ocsaíd charbóin thar thréimhse 100 bliain.

**(i)** Ainmnigh **dhá** ghás ceaptha teasa a luaitear sa téacs.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(ii)** De réir an téacs, cén céatadán (%) d’astaíochtaí gáis ceaptha teasa na hÉireann a thagann ón earnáil talmhaíochta?

| |
|---|
| |

**(iii)** Mínigh go hachomair conas is féidir le stocaireacht dul i bhfeidhm ar chinnteoireacht.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Scrúdaigh bealach **amháin** ar bhfuil beart déanta ag rialtas na hÉireann chun tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a laghdú. I do fhreagra, luaigh cé acu a d'éirigh nó nár éirigh le beart an rialtais.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Mínigh an chaoi ar féidir le leasanna dílsithe, seachas an ceann a bhfuil tagairt déanta dó sa téacs i gcuid **(a)**, tionchar a imirt ar an gcinneadh chun beartas náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chur i bhfeidhm. I do fhreagra, ainmnigh an beartas náisiúnta a bhfuil staidéar déanta agat air.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Scrúdaigh sampla **amháin** de straitéis mhaolaithe in Éirinn chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. I do fhreagra, luaigh an bhunchúis / na bunchúiseanna atá le fadhb athraithe aeráide a bhfuil sé mar aidhm ag an straitéis mhaolaithe dul i ngleic léi/leo.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **(40 marc)**

**(a)** Léigh an t-alt thíos faoi chearta an nádúir agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Athmhúnlú ar an dlí chun luach an nádúir a aithint**




Is gnách le fada féachaint ar an nádúr mar thráchtearra ach d’fhéadfadh athrú teacht ar dhearcadh phobal an domhain mar thoradh ar chearta dlíthiúla a bheith á dtabhairt don nádúr.

San Eacuadór agus sa Bholaiv, táthar i ndiaidh cearta dlí a thabhairt don nádúr le maireachtáil, le leanúint ar aghaidh, le caomhnú agus le hathghiniúint. San India, rinneadh iarrachtaí dlí cearta, amhail cearta an duine, a bhaint amach don nádúr ionas go mbeadh cosaint dhleathach aige.

**(i)** Ainmnigh **dhá** thír a luaitear san alt ina bhfuil cearta dlí tugtha don nádúr.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(ii)** Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a thagann chun cinn nuair a aithníonn tír cearta an nádúir.

**(b)** Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** do dhaoine a bhaineann le bheith sa nádúr.

**(c)** Freagair na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar eispéireas nádúrbhunaithe rannpháirtíochta a cheap tú mar chuid de na tascanna foghlama feidhmí.

**(i)** Cén ghné / Cad iad na gnéithe den nádúr a rabhthas ag súil leis na rannpháirtithe idirghníomhú leo mar chuid de do phlean?

**(ii)** Cén grúpa daoine ar cheap tú an t-eispéireas nádúrbhunaithe dóibh? Mínigh an fáth ar roghnaigh tú iadsan.

**(iii)** Pléigh an t-eispéireas nádúrbhunaithe a cheap tú. Bíodh eolas faoin méid seo a leanas san áireamh agat i do fhreagra:

- suíomh an eispéiris
- an ghníomhaíocht / na gníomhaíochtaí a cheap tú do na rannpháirtithe
- na cúiseanna ar roghnaigh tú an ghníomhaíocht / na gníomhaíochtaí sin.

**Ceist 4** **(40 marc)**

**(a)** Ainmnigh **dhá** bhreosla iontaise.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(b)** Mínigh an chaoi a bhfuil dó breoslaí iontaise ina chúis leis an éifeacht ceaptha teasa mhéadaithe.



| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Scrúdaigh na sonraí thíos ina léirítear an céatadán de na daoine i dtíortha roghnaithe a raibh suim acu iompar inbhuanaithe a úsáid in 2022.
Agus úsáid á baint as an ngrafpháipéar ar an gcéad leathanach eile, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

An céatadán de na daoine i dtíortha roghnaithe a raibh suim acu iompar inbhuanaithe a úsáid in 2022

| Tír | % |
|---|---|
| An India | 65% |
| An Iodáil | 55% |
| An Bhreatain Mhór | 45% |
| An Fhrainc | 35% |

**(d)** **(i)** Sainaithin cur chuige **amháin** a laghdódh tionchar diúltach an iompair ar an gcomhshaol.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste shonracha don chomhshaol a bhainfeadh leis an gcur chuige sin.



| |
|---|
| **(i)** Cur chuige: |
| |
| **(ii)** Buntáistí Comhshaoil: |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(40 marc)**

**(a)** Scrúdaigh na sonraí thíos ina léirítear torthaí suirbhé éiceolaíochta a rinne grúpa scoláirí chun an éifeacht atá ag pH ithreach ar dháileadh caisearbhán a imscrúdú ag cúig shuíomh éagsúla agus freagair na ceisteanna seo a leanas.



| Suíomh | pH ithreach | Líon na gcaisearbhán |
|---|---|---|
| 1 | 7.0 | 84 |
| 2 | 3.8 | 30 |
| 3 | 6.1 | 62 |
| 4 | 4.2 | 45 |
| 5 | 6.5 | 66 |

**(i)** Cén suíomh ag a raibh an líon ba mhó caisearbhán?

**(ii)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an abairt seo a leanas a chríochnú.

Sa suirbhé éiceolaíochta seo, de réir mar a ardaíonn pH na hithreach, tagann ________________ ar líon na gcaisearbhán.

Méadú ☐ Laghdú ☐

**(iii)** Luaigh cé acu cáilíochtúil nó cainníochtúil atá cineál na sonraí a léirítear sa tábla.

**(b)** Déan cur síos ar an tionchar atá ag éiceachóras áitiúil a ndearna tú staidéar air ar an dá rud seo:

- slí bheatha
- cultúr.

| Éiceachóras áitiúil: |
|---|
| Tionchar ar shlí bheatha: |
| |
| |
| |
| |
| |
| Tionchar ar chultúr: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Mínigh tionchar **amháin** a bhíonn ag an athrú aeráide ar éiceachóras a ndearna tú staidéar air.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Roghnaigh ceann **amháin** de na scileanna éascaithe sa tábla thíos **agus** mínigh an tábhacht a bhaineann leis an scil éascaithe sin a úsáid agus cumarsáid á déanamh agat le daoine faoi ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe.



| Scileanna Éascaithe | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Éisteacht ghníomhach | Ceistiú | Feasacht ar iompraíocht daoine eile | Féinfheasacht | Coimhlint a bhainistiú |

| |
|---|
| Scil roghnaithe: |
| Míniú: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6** **(40 marc)**

**(a)** Déan staidéar ar an alt thíos a bhaineann le rátáil fuinnimh tithe in Éirinn a fheabhsú agus freagair na ceisteanna a leanas.



Is é atá i gceist le hiarfheistiú foirgneamh ná athruithe a dhéanamh orthu ag úsáid gnéithe, ábhar nó teicneolaíochta nach raibh ar fáil nuair a tógadh ar dtús iad. Mar chéad bheart leis an athrú aeráide a mhaolú, rogha mhaith a bheadh ann ár dtithe cónaithe a athfheistiú le hinsliú ardchaighdeáin. Chuirfeadh sé feabhas chomh maith ar an saol i gcás daoine nach bhfuil an t-airgead acu le caitheamh ar an leictreachas, an ola nó an gás a theastaíonn le teach compordach a choinneáil. Chomh maith leis na buntáistí eacnamaíochta agus timpeallachta a bhaineann le hiarfheistiú a dhéanamh ar theach cónaithe, cuirtear feabhas ar cháilíocht an aeir agus ar shláinte agus folláine na ndaoine atá ina gcónaí ann.

Foirgnimh chónaithe is cúis le 27% den fhuinneamh ar fad a úsáidtear in Éirinn agus 12% de na hastaíochtaí carbóin. Teastaíonn ón AE éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 27% faoi 2030.

**(i)** Cén céatadán (%) d'astaíochtaí carbóin na hÉireann arb iad foirgnimh chónaithe is cúis leo?

| |
|---|
| |

**(ii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a luaitear san alt a thagann le tithe cónaithe a insliú.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(iii)** Mol bealach **amháin** eile le feabhas a chur ar rátáil fuinnimh tithe cónaithe.

| |
|---|
| |

**(b)** Ainmnigh earnáil **amháin** sa gheilleagar in Éirinn, seachas tithe cónaithe, a bhfuil aistriú cóir de dhíth inti **agus** déan cur síos ar shampla d'aistriú cóir i ngníomh san earnáil sin.

| |
|---|
| Earnáil a bhfuil aistriú cóir de dhíth inti: |
| Sampla d'aistriú cóir san earnáil sin: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Ag Comhdháil na bPáirtithe 29 (*COP 29*) do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC), 2024, rinneadh margadh ina dtabharfaí $300 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana chun cabhrú le tíortha a bhfuil na hacmhainní is lú acu dul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide. Taispeántar i **bhFíor 5** agus i **bhFíor 6** thíos mar a tuairiscíodh an margadh seo ar bhealaí difriúla.

<table>
<tr><td>Comhaontaíonn an Domhan ar chúnamh airgeadais a thabhairt do na tíortha is mó atá thíos leis an athrú aeráide.</td><td>‘Cuid an bheagáin, agus í ródheireanach’: Margadh $300bn COP29 cáinte ag gníomhaithe agus ag náisiúin bhochta.</td></tr>
<tr><td>
</td><td>
</td></tr>
<tr><td>Fíor 5</td><td>Fíor 6</td></tr>
</table>

Ar baineadh ceartas aeráide amach leis an margadh seo, dar leat? Mínigh do fhreagra agus bíodh tagairt agat d’**Fhíor 5** agus d’**Fhíor 6**.

**(d)** Féadann tionchar a bheith ag an athrú aeráide ar dhaoine ar bhealaí difriúla ag brath ar réimse tosca. Pléigh mar a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag **dhá** cheann de na tosca seo a leanas ar an gcaoi a dtéann an t-athrú aeráide i bhfeidhm ar dhaoine:

- Aois
- Eitneachas
- Inscne.

| Toisc 1: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| Toisc 2: |
| |
| |
| |
| |
| |

## Roinn C 40 marc

Ní mór aiste a scríobh mar fhreagra ar na ceisteanna sa roinn seo.

Freagair ceist **amháin** sa roinn seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 7** **(40 marc)**



Bíonn tionchar ag éagóracha aeráide ar chumas na bpobal sa Domhan Theas chun oiriúnú agus maolú a dhéanamh do thionchar an athraithe aeráide.

Pléigh ar an ráiteas seo agus tagairt agat do gach ceann díobh seo:

- an tuiscint atá agat ar cheartas aeráide
- na bunchúiseanna le héagóir aeráide
- mar atá oiriúnú agus maolú á ndéanamh ag pobal sa Domhan Theas do thionchair an athraithe aeráide.

**Nó**

**Ceist 8** **(40 marc)**





Ar fud an domhain, tá grúpaí pobail áitiúla i bpobail éagsúla ag glacadh páirt i ngníomhú ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta.

Déan plé ar an gcaoi a bhfuil grúpa nó eagraíocht a ndearna tú staidéar air i mbun gníomh dearfach a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe.

Bíodh gach ceann díobh seo a leanas mar chuid den phlé agat:

- an tsaincheist a bhfuil an grúpa nó an eagraíocht ag dul i ngleic léi
- na bearta a rinneadh lena chinntiú go raibh an gníomh éifeachtach
- tioncha(i)r an ghnímh a rinne an grúpa nó an eagraíocht.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le cur in iúl cén cheist ó **Roinn C** atá á freagairt agat.

**Ceist 7** ☐ **Ceist 8** ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh pleanála/obair gharbh.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le cur in iúl cén cheist ó **Roinn C** atá á freagairt agat.

**Ceist 7** ☐ **Ceist 8** ☐

Spás breise le haghaidh freagraí.
Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

## Admhálacha

**Íomhánna**

An íomhá ar leathanach 3: https://www.bgs.ac.uk/discovering-geology/climate-change/how-does-the-greenhouse-effect-work/

An íomhá ar leathanach 4: https://www.briannwokedi.com/2018/12/doughnut-economics/.html

An íomhá ar leathanach 5: https://www.eea.europa.eu/soer/2015/europe/climate-change-impacts-and-adaptation

Na híomhánna ar leathanach 6: https://morphocode.com/global-trends-urbanisation/; https://www.mitie.com/insights-news/insight/installing-solar-panels-on-your-commercial-building-roof-heres-everything-you-need-to-know/; https://www.agriland.ie/farming-news/dafm-launches-new-neighbourwood-forestry-scheme/; https://www.agriland.ie/farming-news/midlands-project-supports-farmers-rewetting-peat-soils/

An íomhá ar leathanach 7: https://www.un.org/esa/dsd/agenda21/

An íomhá ar leathanach 8: https://www.climateforesight.eu/seeds/loss-and-damage/

An íomhá ar leathanach 9: https://www.desmog.com/

An íomhá ar leathanach 12: https://www.law.msu.edu/news/2023/msu_law_groundbreaking_conference_rights_of_nature.html

An íomhá ar leathanach 14: https://www.washingtonpost.com/news/energy-environment/wp/2015/06/08/were-still-waking-up-to-the-long-term-consequences-of-burning-fossil-fuels/

An íomhá ar leathanach 15: https://www.irishmirror.ie/news/irish-news/pollution-cars-drops-50-across-22051745

An íomhá ar leathanach 16: https://insideecology.com/2023/05/04/dandelions-are-a-lifeline-for-bees-on-the-brink-we-should-learn-to-love-them/

An íomhá ar leathanach 18: https://agilewithjimmy.com/courses/mastering-workshop-facilitation/

An íomhá ar leathanach 19: https://ofdesign.net/interior-design/tips-for-heating-ventilation-dams-in-winter-saving-energy-and-costs-2772

Na híomhánna ar leathanach 20: https://edition.cnn.com/2024/11/23/climate/cop29-agreement/index.html https://www.rte.ie/news/world/2024/1123/1482526-cop29-climate/

Na híomhánna ar leathanach 22: https://www.apln.network/news/member_activities/is-there-such-a-thing-as-a-global-south; https://www.appropedia.org/Climate_news; https://www.change.org/p/sustainable-community-initiative

**Téacsanna**

An téacs ar leathanach 9: https://www.desmog.com/2024/09/25/mapped-ireland-powerful-farming-lobby/?nowprocket=1

An téacs ar leathanach 12: https://360info.org/reframing-the-law-to-recognise-natures-value/

Na sonraí ar leathanach 14: https://www.statista.com/statistics/1310612/consumers-trying-to-change-their-transport-for-climate-change/

Na sonraí ar leathanach 16: *Coimisiún na Scrúduithe Stáit*

An téacs ar leathanach 19: https://www.irishtimes.com/news/environment/a-retrofitting-revolution-1.2671812

An téacs ar leathanach 20: https://edition.cnn.com/2024/11/23/climate/cop29-agreement/index.html; https://www.rte.ie/news/world/2024/1123/1482526-cop29-climate/

D'fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Sampla 1

2 uair 30 nóiméad